An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education



Nuachtlitir Mheán Fómhair 2025:

## Fáilte chuig an eagrán is déanaí de Nuachtlitir na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)

Tá sé mar aidhm ag ár nuachtlitir seo tú a choinneáil ar an eolas maidir leis na scéalta, na tionscadail agus na deiseanna foghlama gairmiúla is déanaí in CNOS. Más mian leat leanúint ar aghaidh ag fáil na nuachtlitreach seo, **cláraigh anseo**.

### 📅 Tá féilire CNOS 2025/2026 d'Fhoghlaim Ghairmiúil do Mhúinteoirí (FGM ) ar fáil anois!

Féach ar ár bhféilire chun d'áit a chur in áirithe!





Bí réidh do bhliain acadúil atá lán d'fhoghlaim iontach. Tá ár bhféilire FGM lán de sheisiúin fhiúntacha, ceardlanna praiticiúla agus deiseanna chun tacú le do thuras gairmiúil.

### Tá ríméad orainn a fhógairt go bhfuil líne thacaíochta nua CNOS beo anois!

Cibé an bhfuil ceisteanna agat, imní ort nó nó fiú beagán treorach uait, tá ár bhfoireann thiomanta ann chun cabhrú leat. 📞
Cuir glaoch orainn ar **01 603 3346.**

**Tá Teiripe Shaothair CNOS tar éis eagrán nuashonraithe de Spásanna Céadfacha i Scoileanna a sheoladh:**




Leagtar amach d'fhoirne scoile sa leabhrán nuashonraithe seo na praiticiúlachtaí a bhaineann le spás céadfach a bhunú.

Tacaíonn sé le múinteoirí machnamh a dhéanamh ar ról an spáis chéadfaigh agus tugtar treoir shoiléir ann maidir le spásanna céadfach a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí.

Tríd an meascán de theoiric agus de chleachtas atá ar fáil sa leabhrán nuashonraithe seo, déantar múinteoirí a chumasú le cuir chuige phraiticiúla atá bunaithe ar fhianaise chun tacú le difríochtaí céadfacha agus chun machnamh a dhéanamh ar na bealaí is féidir le spásanna céadfacha agus na daoine fásta a bhíonn ag plé le cur chuige iomlánaíoch scoile uile tacú le riachtanais rialála gach dalta.

Chun féachaint ar an acmhainn seo, cliceáil ar an nasc thíos nó tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin CNOS:


[Leabhrán CNOS maidir le Spásanna Céadfacha i Scoileanna]

## 🔊 Seo chugaibh Fógra ó Thuismitheoirí!

- Sheol CNOS **Fógra ó Thuismitheoirí**, foirm ar líne a ligeann do thuismitheoirí agus caomhnóirí a chur do CNOS go bhfuil áit i rang speisialta nó socrúchán i scoil speisialta á lorg acu dá leanbh do **Mheán Fómhair 2026**.

- Tá an fhoirm seo deartha chun cabhrú le CNOS sainaithint agus pleanáil a dhéanamh do riachtanais daltaí a bhfuil socrúcháin shainoideachais de dhíth orthu.

  Cuir CNOS ar an eolas – Rang Speisialta/Socrúchán Scoile Speisialta




## 🔊 Podchraoltaí CNOS!


Tá ríméad orainn seoladh cuntas Spotify CNOS a fhógairt. Is é seo an eachtra is nuaí againn inar féidir le gach duine teacht go héasca ar phodchraoltaí a chlúdaíonn príomhábhair, phríomhthionscadail agus an obair is déanaí de chuid na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

Is cuma más múinteoir nó tacadóir tú, nó fiú duine atá fiosrach faoi obair fhoireann CNOS agus faoin tionchar a bhíonn ag CNOS ar mhúinteoirí agus ar dhaltaí.

Cuireann ár bpodchraoltaí díospóireachtaí, eolas agus léargais dhoimhne ar fáil maidir leis na saincheisteanna tábhachtacha a mhúnlaíonn an t-oideachas speisialta sa lá atá inniu ann.
Éist lenár seinnliosta d'eipeasóidí de phodchraoltaí ábhartha anseo!



**Tacaíochtaí CNOS don Uathachas:**




Tá bileog úsáideach curtha le chéile againn chun cabhrú le foirne scoile rochtain a fháil ar sheirbhísí tacaíochta CNOS agus ranganna uathachais á mbunú agus á reáchtáil acu.

Cuireann CNOS cuairteanna scoile ar fáil ó chomhairleoirí uathachais, mar aon le seimineáir eolais ar thopaicí ábhartha, agus Pobal Cleachtais chun dea-chleachtais a chomhroinnt.

Cabhraíonn na hacmhainní seo le scoileanna timpeallachtaí foghlama éifeachtacha agus uilechuimsitheacha a chruthú do dhaltaí a bhfuil uathachas orthu.

Chun teacht ar shampla dár n-acmhainní, féach ar ár bhfíseán faoi théarmaíocht an Uathachais

Is féidir teacht ar liosta iomlán d'acmhainní CNOS Ar Líne ar ár leathanach gréasáin - cliceáil anseo.

**Ná caill amach ar scéalta, ar imeachtaí agus ar dheiseanna foghlama gairmiúla CNOS amach anseo**

**Bí ar ár Liosta Seoltaí**


An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

**An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**
1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí C15 P2KC